Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Aibreán 2025 (OR. en)**

**7664/25**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0061(BUD)**

**FIN 364**
**SOC 189**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 7464/25 (COM(2025) 1 final) |
| Ábhar: | Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón mBeilg (EGF/2024/003 BE/Van Hool)<br>– *Formheas* |

1. An 26 Márta 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú (CED), maille leis an togra comhfhreagrach maidir le haistriú leithreasuithe Uimh. DEC 04/2025 ag gabháil leis[1].

2. Tá sé mar aidhm ag an togra EUR 8 milliún a shlógadh faoi CED chun freastal ar iarratas ón mBeilg chun an Ciste a chur in úsáid i ngeall ar iomarcaíochtaí in Van Hool N.V. (monaróir cóistí agus feithiclí tionsclaíocha), chun cúnamh a chur ar fáil chun an 2 397 dtairbhí a bhfuiltear ag díriú orthu a athimeascadh sa mhargadh saothair, i gcomhréir leis na critéir idirghabhála a leagtar amach i bpointe (a) d'Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) 2021/691[2].

[1] 7466/25.

[2] Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013, (IO L 153, 3.5.2021, lch. 48).

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra ag an gcruinniú a bhí aige an 3 Aibreán 2025 agus d'fhormheas sé é.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle téacs an Chinnidh maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú, mar a leagtar amach in 7665/25 é, a fhormheas.